



Eochairchéim 3

Dátaí Tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí don Mheasúnú agus don Mhodhnóireacht ar an Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC 2019/20

- Chuir CCEA an scoil ar an eolas cheana féin maidir le modhnóireacht ar **An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice**, nó **Úsáid TFC** i mbliana.
- Mar chuid de na socruithe measúnaithe, caithfidh an scoil **caighdeánú inmheánach** a dhéanamh sula dtarlóidh an modhnóireacht.

An Mhodhnóireacht: Deimhniú Caighdeán (*Gach scoil*)

Lena chinntiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann, chruinn ag scoileanna maidir leis na caighdeáin mar a chuirtear síos orthu sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn:

Ba chóir don scoil **samplaí d'obair daltaí** a chur chuig CCEA don scil a tugadh di (An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice, nó Úsáid TFC). Ba cheart go mbeadh samplaí in iontráil na scoile de gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú i mbliana.

Dátaí Tábhachtacha	An Chumarsáid (Gaeilge agus Béarla i nGaelscoileanna)	Úsáid na Matamaitice	Úsáid TFC
Faoin 10 Feabhra 2020 don Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC	Maidir leis An Chumarsáid : caithfear sé shampla d'obair daltaí (Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire san áireamh) a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • trí shampla Léitheoireachta; • trí shampla Scríbhneoireachta; agus • samplaí a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla. 	Maidir le hÚsáid na Matamaitice : caithfear trí shampla d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear samplaí a léiríonn leithead trasna: <ul style="list-style-type: none"> • na Riachtanais; agus • an tEolas agus Tuiscint. 	Maidir le hÚsáid TFC : caithfear cúig shampla d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • fianaise de Fiosrú, Cur in Iúl, Malartú agus Luacháil; agus • samplaí a léiríonn taithí leathan ar Úsáid TFC (cineálacha éagsúla bogearraí trasna Réimsí Foghlama éagsúla).

Is féidir obair ó bhliaingrúpa ar bith a chur in iontráil na scoile. Mura bhfuil samplaí fóirsteanacha agat ag leibhéal áirithe ag an am seo den bhliain, is féidir obair ó bhliain ar bith ó rinneadh an mhodhnóireacht dheireanach sa scil sin a chur san áireamh.

Faoin 5 Bealtaine 2020	Déanfaidh CCEA modhnóireacht ar iontráil na scoile agus tabharfar aischothú. Mura bhfuil CCEA in ann an tuiscint atá ag an scoil ar na caighdeáin a dheimhniú ó iontráil na scoile, déanfaidh an fhoireann modhnóireachta tacaíocht bhreise a thairiscint.
Faoin 22 Bealtaine 2020	Caithfidh an scoil comhad idirmhalartú leictreonach sonraí (<i>EDI</i>) a chur chuig CCEA trí C2k, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • sonraí maidir le daltaí Bhliain 10; agus • an leibhéal a bhronn na múinteoirí ar gach dalta sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC.

Modhnóireacht Leantach (*Na scoileanna sin nár deimhníodh a dtuiscint ar na leibhéil go fóill*)

Deireadh Bealtaine/ Tús Meithimh 2020	Déanfaidh CCEA teagmháil leis na scoileanna atá páirteach sa Mhodhnóireacht Leantach le tacaíocht bhreise ó mhodhnóir a thairiscint.
Meitheamh go Meán Fómhair 2020	Cuirfidh CCEA tacaíocht ar fáil do na scoileanna sin ar mhaith leo tacaíocht a fháil.